Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2026
(OR. en)

15249/26

ENT 293
MI 1102
IND 654
CHIMIE 141
COMPET 1283
SAN 747
ENV 1345
CONSOM 315

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 106531
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 106531.

Faoi iamh: D(2026) 106531

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D106531/05
[…](2026) XXX draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Úsáidtear cianaimíd chailciam, *inter alia*, mar leasachán nítrigine mallghníomhach. Soláthraítear an leasachán san Aontas i bhfoirm ghráinneach, d'fheirmeoirí gairmiúla den chuid is mó, i bhfoirmliú tráchtála cláraí amháin ar a dtugtar PERLKA®'. Úsáidtear mar leasachán é de ghnáth ar thrí bhealach éagsúla ag brath ar an mbarr: leathadh dromchla ar dhromchla ithreach, ionchorprú aonfhoirmeach ó dhromchla na hithreach síos go doimhneacht shonrach nó socrúchán domhain trí fheadán. In ithreacha tais, déantar cianaimíd chailciam a chlaochlú ina cianaimíd agus ina hiodrocsaíd chailciam. Déantar cianaimíd a chlaochlú a thuilleadh go húiré agus cianaguainidín. Iompraítear cianaimíd, úiré agus cianaguainidín ('substaintí trasfhoirmithe') chuig an urrann uisceach trí rith chun srutha ó dhromchla na réimsí toirchithe in aice le huiscí dromchla nó trí dhraenáil tríd an ithir. Aicmítear cianaimíd mar Ainsealach Uisceach 3 (H412: Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí fadtréimhseacha) i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[2]. Déanann an cláraí aonair le haghaidh cianaimíd chailciam faoi REACH ('an cláraí') cianaimíd chailciam a fhéin-aicmiú san aicme ghuaise chéanna. Tá úiré agus cianaguainidín guaiseach freisin d'orgánaigh uisceacha nó ithreach.

(2) An 22 Márta 2016, tháinig an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil (CECRSC) ar an gconclúid nach bhféadfaí éifeachtaí díobhálacha ar dhaoine agus ar an

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

gcomhshaol a eisiamh nuair a úsáidtear cianaimíd chailciam mar leasachán[3]. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún[4] ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') réamh-mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán do shláinte an duine agus don chomhshaol. I mí Eanáir 2018[5], tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid go bhféadfadh sé go ndearnadh gannmheastachán i measúnú CECRSC ar an riosca a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán don chomhshaol. Bhí an Ghníomhaireacht buartha go bhféadfadh riosca d'orgánaigh uisceacha a bheith i líon níos mó cásanna nochta uiscigh ná mar a sainaithníodh roimhe sin; bhí éiginnteachtaí ann freisin a bhaineann leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cianaimíd chailciam do raon leathan orgánach talún. Bunaithe ar réamhchóip de na torthaí sin lena léirítear go bhfuil riosca ann don chomhshaol, d'iarr an Coimisiún[6] ar an nGníomhaireacht an 24 Samhain 2017 sainchomhad a ullmhú, de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('sainchomhad Iarscríbhinn XV'), d'fhonn srian féideartha a chur ar chianaimíd chailciam mar leasachán.

(3) An 19 Iúil 2019, chuir an Ghníomhaireacht sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach maidir le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán[7]. Chinn an Ghníomhaireacht (agus úsáid á baint aici as rátaí agus modhanna úsáide mar atá molta ag an gcláraí) go n-eascraíonn riosca tocsaineachta d'orgánaigh uisceacha agus ithreach as cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán nach ndéantar a rialú go leordhóthanach le haghaidh uiscí dromchla in aice le páirceanna toirchithe agus le haghaidh ithreach araon. Baineann an riosca go príomha le tocsaineacht cianaimíde do mhacra-orgánaigh uisceacha agus ithreach. I gcásanna áirithe, agus ar leibhéal níos lú, baineann an riosca freisin le tocsaineacht úiré d'algaí agus le tocsaineacht cianaguainidín do mhiocrorgánaigh ithreach. Mhol an Ghníomhaireacht srian a chur le cianaimíd chailciam a chur ar an margadh lena húsáid mar leasachán lena ngabhann idirthréimhse 36 mhí.

(4) An 11 Meitheamh 2020, ghlac Coiste um Measúnú Riosca ('CMR') na Gníomhaireachta a thuairim[8] inar thángthas ar an gconclúid gurb é an srian atá beartaithe

---

3 An Coiste Eolaíoch um Chineálacha Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil (CECRSC): Rioscaí féideartha do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán. https://health.ec.europa.eu/publications/potential-risks-human-health-and-environment-use-calcium-cyanamide-fertiliser_ga

4 Iarraidh ón gCoimisiún ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán réamh-athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le cianaimíd chailciam mar leasachán (24 Feabhra 2017). https://echa.europa.eu/documents/10162/13641/calcium_cyanamide_request_to_echa.pdf/6ccd9451-52fd-abab-f9cd-04030ae2b19d

5 an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (2018). Réamh-mheasúnú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil riosca do-ghlactha do shláinte an duine nó don chomhshaol ag baint le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán. https://echa.europa.eu/documents/10162/13641/calcium_cyanamide_review_report_en.pdf/e0b43a34-1a52-b6a9-8d96-bd8183c7beb4

6 Iarraidh ón gCoimisiún ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán togra srianta a ullmhú maidir le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán, i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn XV a ghabhann le REACH (24 Samhain 2017) https://echa.europa.eu/documents/10162/13641/calcium_cyanamide_cion_reqst_axvdossier_en.pdf/d31415b4-4162-826b-034f-2d9e6c137b5d

7 an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (2019). Iarscríbhinn XV tuarascáil shriantach maidir le cianaimíd chailciam. https://echa.europa.eu/documents/10162/13641/rest_calcium_cyanamide_axvreport_en.pdf/78b546d1-e496-a930-a3d8-50b67bb904e6

8 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR) (11 Meitheamh 2020): Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar chiainimíd chailciam. https://echa.europa.eu/documents/10162/2342f774-8154-e502-de01-1a2f4e1ceb28

ar chiainimíd chailciam a úsáid agus a chur ar an margadh mar leasachán an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta i dtéarmaí a éifeachtaí atá sé an riosca a laghdú, agus ó thaobh na praiticiúlachta agus na hinmhonatóireachta de. Thug CMR dá aire gur bhain an cláraí foirm phúdrach an leasacháin cianaimíde cailciam go deonach den mhargadh i mí Eanáir 2018. Ó shin i leith, níor cuireadh ar an margadh ach an fhoirm ghráinneach. Mhol CMR idirthréimhse níos giorra de 24 mhí le haghaidh srian ar chianaimíd chailciam a chur ar an margadh mar leasachán, chun an fhéidearthacht go ndéanfadh úsáideoirí stoc-charnadh a laghdú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis lena húsáid mar leasachán thar an idirthréimhse 36 mhí atá beartaithe lena húsáid.

(5) D'aontaigh CMR leis an nGníomhaireacht agus leis an gcláraí gur féidir na sonraí éiceathocsaineolaíocha ó na staidéir ina n-úsáidtear cianaimíd mar shubstaint tástála a úsáid i gcur chuige an chros-eachtarshuímh chun measúnú comhshaoil a dhéanamh ar chianaimíd chailciam. D'aontaigh CMR leis an nGníomhaireacht maidir leis an measúnú guaise comhshaoil agus na luachanna Tiúchana Gan Éifeacht Réamh-mheasta maidir le cianaimíd chailciam (bunaithe ar an léamh-trasna ó chianaimíd) agus maidir le cianaguainidín i bhfionnuisce agus i ndríodar. Mar sin féin, níor aontaigh CMR leis an nGníomhaireacht maidir le luach Tiúchana Gan Éifeacht Réamh-mheasta na húiré i bhfionnuisce, rud nár measadh a bheith iontaofa go leor le haghaidh measúnú guaise. D'aontaigh CMR le conclúid na Gníomhaireachta maidir leis an measúnú guaise ar an timpeallacht talún (ithir) le haghaidh cianaimíd chailciam (bunaithe ar an léamh-trasna ó chianaimíd), agus le haghaidh úiré agus cianaguainidín. Mar sin féin, níor thuairiscigh an Ghníomhaireacht luachanna Tiúchana Gan Éifeacht Réamh-mheasta le haghaidh úiré in ithir, toisc nach raibh sonraí dochloíte ar fáil, agus thacaigh CMR leis an argóint go bhfuil úiré íseal ó nádúr.

(6) Bhí an measúnú nochta ag brath ar shamhaltú, toisc nach raibh sonraí dochloíte ar bith ar fáil maidir le faireachán comhshaoil. Mheas CMR luachanna tiúchana comhshaoil réamh-mheasta 'TCRM' cianaimíde cailciam agus a substaintí trasfhoirmithe a fuair an Ghníomhaireacht le haghaidh uisce dromchla agus dríodair agus samhaltú nochta FOCUS[9] á chur i bhfeidhm, agus na modhanna éagsúla cur i bhfeidhm á gcur san áireamh. Mheas CMR freisin na luachanna TCRM le haghaidh na timpeallachta talún agus an cur chuige tipiciúil samhaltaithe á chur i bhfeidhm aige maidir le substaintí a chuirtear le hithir d'aon ghnó[10] a úsáidtear go coitianta mar tháirgí cosanta plandaí. Tháinig CMR ar an gconclúid go raibh an dá luach iontaofa. Bhain an Ghníomhaireacht agus an cláraí araon úsáid as samhaltú FOCUS PEARL[11], chun luachanna TCRM maidir le cianaimíd chailciam agus a substaintí trasfhoirmithe i screamhuisce a thuar, rud a mheas CMR a bheith iontaofa freisin.

(7) D'aontaigh CMR leis an nGníomhaireacht go n-eascraíonn riosca as cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán (agus úsáid á baint aige as rátaí úsáide agus modhanna arna moladh ag an gcláraí) nach ndéantar rialú leordhóthanach air, i gcás uisce dromchla atá cóngarach do réimsí toirchithe agus i gcás ithreach araon, ós rud é gur mhór ná a haon na luachanna cóimheasa saintréithrithe riosca ábhartha. Baineann an riosca go

---

9 An tAirmheán Comhpháirteach Taighde. An fóram chun samhlacha de chinniúint lotnaidicídí agus a nÚsáid a Chomhordú (FOCUS). Uisce dromchla. https://esdac.jrc.ec.europa.eu/projects/surface-water

10 An Fóram chun samhlacha de chinniúint lotnaidicídí agus a nÚsáid a Chomhordú (FOCUS), an Grúpa Oibre um Shamhaltú Ithreach (1997). Samhlacha marthanachta ithreach agus Clárú an Aontais. https://food.ec.europa.eu/system/files/2016-10/pesticides_ppp_app-proc_guide_fate_soil-persistance-1997.pdf

11 Samhail speisialaithe FOCUS atá deartha chun tiúcháin substainte tástála i screamhuisce a thuar.

príomha le héifeachtaí cianaimíde ach freisin, i gcásanna áirithe, le héifeachtaí cianaguainidín agus úiré.

(8) Rinne an Ghníomhaireacht measúnú ar cheithre rogha srianta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh in aghaidh chritéir na héifeachtachta, na praiticiúlachta agus na hinmhonatóireachta. Maidir le dhá cheann de na roghanna srianta sin, is iad sin toirmeasc ar fhoirm phúdrach cianaimíde cailciam agus ceanglas rialacha bhearta an Chomhbheartais Talmhaíochta atá ann cheana maidir le tras-chomhlíonadh a leanúint, chinn an Ghníomhaireacht nach dtabharfaí aghaidh ar na rioscaí sainaitheanta le ceachtar den dá rogha srianta sin. Thug CMR dá aire, as an dá rogha srianta eile a scrúdaíodh i sainchomhad Iarscríbhinn XV, nár leor an rogha srianta maidir le stiallacha maoláin éigeantacha fásúla a úsáid chun an riosca d'uisce dromchla cóngarach a laghdú agus nach dtabharfaí aghaidh ar an riosca don urrann talún ó chianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán. Mar thoradh air sin, an rogha maidir le srian a chur ar chianaimíd chailciam a chur ar an margadh agus a úsáid mar leasachán, mar shubstaint léi féin nó i meascán, d'aontaigh CMR leis an nGníomhaireacht nach féidir ach leis an rogha sin aghaidh a thabhairt go hiomlán ar an riosca sainaitheanta agus a bheith éifeachtach freisin chun an riosca sin a laghdú, ó thaobh praiticiúla agus faireacháin de araon.

(9) An 17 Meán Fómhair 2020 ghlac an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch ('CASE') de chuid na Gníomhaireachta a thuairim. Thug CASE dá aire gur chuir an Ghníomhaireacht i dtábhacht, sa bhreis ar a feidhm mar leasachán mallghníomhach, go mbíonn éifeachtaí tánaisteacha ag cianaimíd chailciam amhail éifeachtaí luibhicídeacha, fuingicídí, moiliscicídeacha chomh maith le héifeachtaí eile a chuidíonn le fás plandaí agus a aithníodh a bheith úsáideach d'fheirmeoirí. Thug CASE dá aire freisin nach bhformheastar cianaimíd chailciam mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(10) Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid go bhfuil gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal uile-Aontais i bhfianaise go ndíoltar foirmliú tráchtála cianaimíde cailciam i roinnt Ballstát agus go bhféadfadh cinntí agus rialacháin a bhaineann le leasacháin a dhéantar i mBallstát amháin difear mór a dhéanamh don chomhshaol i mBallstát eile, ós rud é go bhfuil uiscebhealaí coiteanna ag go leor Ballstát laistigh den Aontas. Aon ghníomhaíocht is gá chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán, thacaigh CMR agus CASE leis an tuairim gur cheart aon ghníomhaíocht den chineál sin a chur chun feidhme i ngach Ballstát.

(11) Sa tuairim uaidh, tháinig CASE ar an gconclúid go mbeadh caillteanais bhrabúis de thart ar na deicheanna milliún euro in aghaidh na bliana i gceist leis an srian atá beartaithe d'fheirmeoirí agus do mhonaróir aonair PERLKA®. D'aithin CASE freisin gur dócha go gcaillfí poist ar láithreán an mhonaróra sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Mar sin féin, tháinig CASE ar an gconclúid nach dócha go ndéanfar difear don ghníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán san Aontas ós rud é gur dócha go ngnóthóidh táirgeoirí Eorpacha a tháirgeann roghanna malartacha sciar den mhargadh, rud a chúiteoidh cuid de na caillteanais shocheacnamaíocha. Tháinig CASE ar an gconclúid freisin nach dócha go n-athróidh méideanna na mbarr san Aontas toisc gur sciar beag de na leasacháin nítrigine iomlána í cianaimíd chailciam. Chuir CASE i dtábhacht gur

[12] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle, (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

anailís pháirteach í an anailís chostais a rinne an Ghníomhaireacht toisc nach gcuirtear san áireamh inti freagairt feirmeoirí chun éifeachtaí tánaisteacha cianaimíde cailciam a ionadú, rud a bhféadfadh úsáid mhéadaithe táirgí cosanta plandaí údaraithe nó bearta malartacha feirmeoireachta a bheith mar thoradh air. D'aithin CASE an chonclúid ón nGníomhaireacht agus ó CMR nach ndéantar rialú leordhóthanach ar an riosca a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán. D'aontaigh CASE freisin leis an nGníomhaireacht go bhfuil glantairbhí comhshaoil an tsriain atá beartaithe éiginnte mar gheall ar easpa measúnaithe ar ghlanathruithe ar rioscaí comhshaoil a eascraíonn as úsáid dhóchúil leasachán malartach agus táirgí cosanta plandaí údaraithe nó bearta feirmeoireachta eile. Thug CASE dá aire freisin, go bhféadfadh buntáiste a bheith ag baint leis an srian atá beartaithe, is é sin go bhféadfaí rioscaí a bhaineann le hairíonna suaiteora inchrínigh na cianaimíde do shláinte an duine agus d'orgánaigh nach spriocorgánaigh iad a laghdú, a thug an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha i gcrích in 2019 agus a dheimhnigh sé in 2021[13] ach nach ndearna an Ghníomhaireacht measúnú orthu maidir leis an srian atá beartaithe. Go sonrach, léirítear i dtuairim CASE go bhféadfadh an plé maidir le cianaimíd mar shuaiteoir inchríneach féideartha difear a dhéanamh don mheasúnú socheacnamaíoch.

(12) Tháinig CASE ar an gconclúid gurb é an srian atá beartaithe ar chianaimíd chailciam a úsáid agus a chur ar an margadh mar leasachán an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta i measc na gceithre rogha bainistithe riosca a ndearna an Ghníomhaireacht measúnú orthu. Mar sin féin, tháinig CASE ar an gconclúid go bhfuil sé éiginnte cé acu atá nó nach bhfuil sé ar an mbeart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta i dtéarmaí a thairbhí socheacnamaíocha agus a chostais shocheacnamaíocha, i bhfianaise na héiginnteachta maidir le glanlaghdú riosca comhshaoil an tsriain atá beartaithe.

(13) Chun dóthain ama a thabhairt d'fheirmeoirí agus don chláraí na ceanglais nua maidir le srianta a chomhlíonadh, mhol CASE cur i bhfeidhm an tsriain a chur siar ar feadh 36 mhí.

(14) Chuathas i gcomhairle le Fóram na Gníomhaireachta um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 76(1)(f) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, le linn an phróisis srianta agus cuireadh a chomhairle san áireamh.

(15) An 15 Aibreán 2021 chuir an Ghníomhaireacht tuairimí CMR agus CASE[14] faoi bhráid an Choimisiúin.

(16) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV agus tuairimí CMR agus CASE á gcur san áireamh, chomh maith leis na hairíonna suaite inchrínigh a d'fhéadfadh a bheith ag cianaimíd do shláinte an duine agus don chomhshaol, measann an Coimisiún go n-eascraíonn riosca do-ghlactha don chomhshaol as cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán. Measann an Coimisiún go mbeadh an srian atá beartaithe éifeachtach maidir leis na rioscaí don

---

13 an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (2021) An Coiste um Tháirgí Bithicídeacha: Tuairim maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí Cianaimíde. Cineál an Táirge: 3. ECHA/BPC/301/2021. https://echa.europa.eu/documents/10162/f5e04e73-afe6-4595-abda-864931b167bb
an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (2021) An Coiste um Tháirgí Bithicídeacha: Tuairim maidir leis an iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí Cianaimíde. Cineál an Táirge: 18. ECHA/BPC/302/2021. https://echa.europa.eu/documents/10162/0c97e426-a0a0-4030-a2ec-abdd80ef1396

14 An Coiste um Measúnú Riosca (CMR), an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) (17 Meán Fómhair 2020): Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ina moltar srianta ar chiainimíd chailciam. https://echa.europa.eu/documents/10162/b2b4d2e8-836e-c073-155f-5ad5455e2164

chomhshaol a laghdú, agus go mbeadh sé praiticiúil agus go bhféadfaí faireachán a dhéanamh air.

(17) Measann an Coimisiún, agus sainchomhad Iarscríbhinn XV agus tuairim CASE á gcur san áireamh, go bhfuil leasacháin mhalartacha agus teicnící malartacha feirmeoireachta ar fáil san Aontas. Tugann an Coimisiún dá aire freisin, de réir na Gníomhaireachta agus CASE, go bhféadfaidh feirmeoirí a chinneadh táirgí cosanta plandaí údaraithe nó bearta malartacha feirmeoireachta a úsáid in ionad éifeachtaí tánaisteacha PERLKA®.

(18) Tugann an Coimisiún conclúid CASE dá aire maidir leis an éiginnteacht a bhaineann le glansochair chomhshaoil an tsriain mar gheall ar an bhféidearthacht ionadú a dhéanamh le leasacháin mhalartacha agus le táirgí cosanta plandaí údaraithe. Leis an éiginnteacht sin, ní chuirtear bac ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán, mar a shainaithníonn CMR. Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur fearr úsáid táirgí cosanta plandaí údaraithe, a ndearbhaítear an tionchar ar an gcomhshaol a bheith inghlactha ina leith le linn an phróisis údaraithe, ná úsáid táirgí a bhfuil éifeachtaí 'tánaisteacha' cosanta plandaí acu ach nach ndearnadh próiseas den sórt sin orthu riamh agus a bhfuil tionchar anaithnid acu ar an gcomhshaol. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil teicnící feirmeoireachta malartacha ann nach mbaineann le húsáid na dtáirgí cosanta plandaí atá ar fáil d'fheirmeoirí. Thairis sin, aontaíonn an Coimisiún le CASE gur tairbhe bhreise a bhaineann leis an srian é na rioscaí a bhaineann le hairíonna suaite inchrínigh a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus d'orgánaigh nach spriocorgánaigh iad a laghdú.

(19) Tugann an Coimisiún dá aire tacaíocht CMR agus CASE maidir le toirmeasc a chur ar chianaimíd chailciam a chur ar an margadh agus a úsáid mar leasachán, agus sin a dhéanamh le haghaidh úsáid ghairmiúil agus tomhaltóirí araon. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an staid gheopholaitiúil agus eacnamaíoch idir glacadh thuairimí deiridh CMR agus CASE agus glacadh an Rialacháin seo. Thairis sin, ní raibh an deis ag CASE measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag toirmeasc ar chianaimíd chailciam mar leasachán ar tháirgeadh ceimiceán speisialtachta a úsáidtear in earnáil na cosanta, toisc nach raibh an fhaisnéis sin ag CASE tráth a glacadh a thuairim.

(20) San Aontas, táirgeann monaróir aonair cianaimíd chailciam ag láithreán tionsclaíoch amháin. Úsáidtear thart ar 40 % den chianaimíd chailciam a tháirgtear chun PERLKA® a fhoirmliú, agus úsáidtear thart ar 50 % di mar amhábhar i monarú ceimiceán speisialtachta áirithe, lena n-áirítear substaintí a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna cosanta. De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, bheadh tionchar criticiúil ag táirgeadh laghdaithe cianaimíde cailciam mar thoradh ar thoirmeasc ar í a chur ar an margadh agus ar í a úsáid mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil agus tomhaltóirí ar inmharthanacht airgeadais an phróisis táirgthe. Dá bhrí sin, is dócha go scoirfí de tháirgeadh cianaimíde cailciam san Aontas, rud a dhéanfadh difear do tháirgeadh ceimiceán speisialtachta san Aontas ar ceimiceáin iad a bhfuil gá leo le haghaidh uathriail straitéiseach an Aontais. Os a choinne sin, léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún, dá gcuirfí toirmeasc ar chianaimíd chailciam a chur ar an margadh agus a úsáid mar leasachán atá teoranta d'úsáidí tomhaltóirí, gur lú an tionchar a bheadh aige sin ar an éifeachtúlacht táirgthe, go bhfágfadh sé go bhféadfaí leanúint de tháirgeadh cianaimíde cailciam san Aontas, agus go mbeadh an riosca a bhaineann leis an tsubstaint á laghdú an tráth céanna.

(21) Leis na comhchuimsithe geopholaitiúla agus eacnamaíocha a bhí ann le déanaí, cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé athléimneacht an tslabhra soláthair a áirithiú agus

neamhspleáchas an Aontais a chaomhnú i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, lena n-áirítear an chosaint. Léirítear é sin sa Pháipéar Bán maidir le Cosaint na hEorpa — Ullmhacht 2030[15] agus sa Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach[16]. I bhfianaise na mbreithnithe socheacnamaíocha agus geopholaitiúla a luaitear thuas, is iomchuí toirmeasc a chur ar chianaimíd chailciam a chur ar an margadh agus í a úsáid mar leasachán do thomhaltóirí toisc go laghdódh sé an riosca a bhaineann leis an tsubstaint gan tionchar a imirt ar uathriail straitéiseach an Aontais. Os a choinne sin, a mhéid a bhaineann le húsáid ghairmiúil, tá sé níos iomchuí na rioscaí sainaitheanta a mhaolú trí (i) coinníollacha dochta úsáide a leagan síos atá beartaithe chun nochtadh an chomhshaoil agus an duine don tsubstaint a laghdú agus, san am céanna, leanúint dá cur ar an margadh agus dá húsáid a cheadú, agus (ii) lipéadú agus treoracha úsáide iomchuí a cheangal.

(22) Go háirithe, maidir le cianaimíd chailciam a úsáid mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil, is gá coinníollacha úsáide a leagan síos lena gcuirtear teorainn le síobadh deannaigh leasacháin chuig limistéir nach sprioclimistéir iad agus chuig sruthchúrsaí, agus lena n-íoslaghdaítear rith chun srutha leasacháin.

(23) Thacaigh CMR agus CASE le cur i bhfeidhm an toirmisc ar chur ar an margadh agus ar úsáid a chur siar 2 bhliain agus 3 bliana, faoi seach. Measann an Coimisiún gurb iomchuí na srianta ar chur ar an margadh le haghaidh úsáid ghairmiúil agus úsáid ag an bpobal i gcoitinne a chur siar 2 bhliain. A mhéid a bhaineann le húsáid ghairmiúil, measann an Coimisiún freisin gurb iomchuí cur siar 2 bhliain, ach ba cheart an srian ar úsáid ag an bpobal i gcoitinne a chur siar 3 bliana.

(24) Chun aisghairmeacha neamhriachtanacha a sheachaint agus chun forfheidhmiú a éascú, níor cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le cianaimíd chailciam a úsáidtear mar leasachán le haghaidh úsáid ghairmiúil, rud a cuireadh ar an margadh den chéad uair san Aontas roimh [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta a chomhfhreagraíonn do **2 bhliain** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

(25) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

(26) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

15 An Coimisiún Eorpach. Páipéar Bán maidir le Cosaint na hEorpa – Ullmhacht 2030, https://commission.europa.eu/document/download/e6d5db69-e0ab-4bec-9dc0-3867b4373019_en?filename=White%20paper%20for%20European%20defence%20–%20Readiness%202030.pdf.

16 https://defence-industry-space.ec.europa.eu/document/download/643c4a00-0da9-4768-83cd-a5628f5c3063_en?filename=EDIS%20Joint%20Communication.pdf.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula von der Leyen